

**Iarraidh ar réamhrialú ón Simvoulío tis Epikrateias (an Ghréig) a taisceadh an 7 Márta 2023 –
Somateio “Elliniko Symvoulío gia tous Prosfyges”, Astiki Mi Kerdoskopiki Etaireia “Ypostirixi
Prosfygon sto Aigaio” v Ypourgos Exoterikon, Ypourgos Metanastefsis kai Asylou**

(Cás C-134/23, Elliniko Symvoulío gia tous Prosfyges)

(2023/C 189/25)

Teanga an cháis: an Ghréigis

An chúirt a rinne an tarchur

Symvoulío tis Epikrateias

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóirí: Somateio “Elliniko Symvoulío gia tous Prosfyges”, Astiki Mi Kerdoskopiki Etaireia “Ypostirixi Prosfygon sto Aigaio”

Cosantóirí: Ypourgos Exoterikon, Ypourgos Metanastefsis kai Asylou

Na ceisteanna a tharchuirtear

1) An gá Airteagal 38 de Threoir 2013/32/AE ⁽¹⁾, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 18 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léiriú mar chosc ar reachtaíocht náisiúnta (rialála) lena n-aicmítear tríú tír mar thriú tír atá sábháilte go ginearálta do chatagóirí áirithe iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúntaí gcás inar thug an tír sin gealltanais dlíthiúil na catagóirí sin iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a athlígíean isteach ar a críoch, ach gur cosúil gur dhiúltaigh sí athlígíean isteach ar feadh tréimhse fada ama (níos mó ná 20 mí sa chás seo) agus nach cosúil go ndearnadh imscrúdú ar an bhféidearthacht go ndéanfaidh sí a seasamh a athrú go luath amach anseo?

nó

2) an gá é a léiriú sa chiall nach ceann de na coinníollacha carnacha é athlígíean isteach sa tríú tír chun an cinneadh náisiúnta (rialála), lena n-aicmítear tríú tír mar thriú tír atá sábháilte go ginearálta do chatagóirí áirithe iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta tríú tír, a ghlacadh, ach gur ceann de na coinníollacha carnacha é chun cinneadh aonair lena ndiúltaítear iarratas sonracha ar chosaint idirnáisiúnta toisc é a bheith do-ghlactha a ghlacadh ar fhoras an “tríú tír sábháilte”?

nó

3) an gá é a léiriú sa chiall, i gcás ina bhfuil an cinneadh lena ndiúltaítear an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta bunaithe ar fhoras an “tríú tír sábháilte”, nach bhfuil athlígíean isteach sa “tríú tír shábháilte” le fíorú ach amháin nuair a dhéantar an cinneadh a fhorghníomhú

⁽¹⁾ Treoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar (athmhúnlú) (IO 2013 L 180, lch. 60).

**Iarraidh ar réamhrialú ón Corte suprema di cassazione (an Iodáil) a taisceadh an 13 Márta 2023 —
Ford Italia SpA v ZP, STracari SpA**

(Cás C-157/23 Ford Italia)

(2023/C 189/26)

Teanga an cháis: an Iodáilis

An chúirt a rinne an tarchur

Corte suprema di cassazione

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Ford Italia SpA

Cosantóirí: ZP agus Stracciari SpA